



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2019

EACNAMAÍOCHT BHAILE

ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 13 MEITHEAMH - MAIDIN 9:30-12:00

ROINN B
(220 MARC)

TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

Freagair **4 (CEITHRE)** cheist as an roinn seo.
Tá na ceistanna uile ar aon mharc.

ROINN B 220 MARC


1. Is é seo a leanas méid na gcothaitheach atá in arán caiscín agus in arán bán.

 Arán caiscín	 Arán bán
Luach tipiciúil in aghaidh gach 100 g	Luach tipiciúil in aghaidh gach 100 g
Fuinneamh 246 kcal	Fuinneamh 240 kcal
Próitéin 13.0 g	Próitéin 9.0 g
Carbaihiodráití 41.0 g	Carbaihiodráití 49.0 g
ar siúcra díobh 6.0 g	ar siúcra díobh 5.0 g
Snáithín 7.0 g	Snáithín 2.7 g
Saill 3.4 g	Saill 3.2 g
Sóidiam 400 mg	Sóidiam 491 mg
<i>Comhairle ailléirgine tá glútan ann</i>	<i>Comhairle ailléirgine tá glútan ann</i>

- (a) Bain úsáid as an eolas faoi chothaitheach thuas chun comparáid a dhéanamh idir luach cothaitheach aráin caiscín agus luach cothaitheach aráin bháin agus déan measúnú orthu.
- (b) (i) Ainmnigh **trí** ghránach atá curtha san áireamh san aiste bia.
(ii) Luaigh táirge bia éagsúil atá déanta as **gach** gránach díobh.
- (c) Tabhair breac-chuntas ar na slite a dtéann an chócaireacht i bhfeidhm ar ghránaigh.
- (d) (i) Mínigh cén fáth ar gá taosrán a chur isteach in oigheann atá réamhthéithe go teocht ard.
(ii) Cén ról atá ag glútan nuair bhíonn arán á dhéanamh?
2. (a) Déan cur síos ar **dhá** chineál diaibéitis éagsúla.
- (b) (i) Liostaigh **trí** ghné a chuireann leis an mbaol go bhfaighidh duine diaibéiteas.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na hathruithe is cóir a dhéanamh ar réim bia agus ar stíl mhaireachtála duine a bhfuil diaibéiteas air/uirthi.
- (c) Cad iad na fadhbanna sláinte a bhaineann le diaibéiteas?
- (d) Mínigh na téarmaí: (i) cileacalraí folmha (ii) imfháscadh (iii) bia mínphróiseáilte.

3. (a) Tabhair breac-chuntas ar na feidhmeanna a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a fhógairt.
- (b) (i) Ainmnigh **ceithre** theicníc fógraíochta éagsúla a úsáideann cuideachtaí (comhlachtaí) chun só-earraí a chur chun cinn.
- (ii) Roghnaigh teicníc **amháin** a d'ainmnigh tú agus mínigh cén fáth a gceapann tú go bhfuil sí éifeachtach.
- (c) Déan cur síos ar an gcaoi a gcuireann an tAcht um Chosaint Thomhaltóirí 2007 (An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978) cosaint ar fáil don tomhaltóir.
- (d) Mol buntáiste éagsúil atá ann don tomhaltóir maidir le **gach** ceann díobh seo a leanas:
- (i) praghsáil treoir-earra cailteanais (ii) bulc-cheannach (iii) ceannach ar cairde.

4. (a) Ainmnigh na páirteanna den fhiacail a bhfuil na lipéid 1, 2, 3, 4 agus 5 orthu.



- (b) Ainmnigh **ceithre** chineál fiacla buana agus tabhair feidhm a bhíonn ag gach ceann a d'ainmnigh tú.

- (c) Mol na treoirínte ba chóir do dhéagóirí a leanúint chun na fiacla a choinneáil sláintiúil.

- (d) Déan cur síos ar an gcaoi inar féidir le plaic na fiacla a lobhadh.

5. (a) Déan cur síos ar an gcaoi inar féidir le húsáid na teicneolaíochta sa bhaile a bheith ina buntáiste don teaghlach.


- (c) Scríobh nóta ar chócaireáin mhicreathonnacha faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- (i) rogha (ii) úsáid (iii) glanadh.

- (d) Liostaigh **trí** thréith chomhaimseartha atá ag cócaireán micreathonnach agus tabhair an fheidhm atá ag **gach** thréith chomhaimseartha atá liostaithe agat.

- (e) Ainmnigh **trí** mhodh aistrithe teasa agus déan cur síos ar conas a úsáidtear **gach** modh sa chócaireacht.

6. (a) Ainmnigh na páirteanna den inneall fuála a bhfuil na lipéid 1, 2, 3, 4, 5 agus 6 orthu.



- (b) Luaigh na rialacha atá le leanúint (i) nuair a úsáideann tú agus (ii) nuair a thugann tú aire d'inneall fuála.

- (c) Ainmnigh **dhá** bhailchríoch éagsúla uama.

- (d) Mínigh na téarmaí teicstíle seo a leanas: (i) dairt (ii) snáitheanna dlúith .

Leathanach Bán